

Cúrsa: "Digital Tax Education and Tax Payments" (Oideachas Cánach Digiteach agus Íocaíochtaí Cánach)

Gearrthóga Micreafhoghlama

Gearrthóg 1: "What is tax?" (Cad is cáin ann?)

Cur síos ar an nGearrthóg

Pictiúr
léiritheach



Teideal

Cad is cáin ann?

Cur síos gearr

Tugann an gearrthóg seo bunolas ar cháin agus ar chánachas do na daltaí óga le cabhair ó róbát ón spás (2QT) a bheidh mar threoraí ag na daltaí. Tugtar bunolas sa cheacht seo ar "ranníocaíochtaí coiteanna" agus ceanglaítear é leis an smaoineamh go gcaithfear tacú leis an leas coiteann. Mínítear na coincheapa le samplaí sothuigte ó shaol laethúil na ndaltaí.

Léirítear an difríocht idir cánacha agus cineálacha íocaíochtaí eile agus léirítear a saintréithe. Mínítear gach saintréith go simplí le leideanna amhairc agus dialóg. Cuirtear sainmhíniú i láthair a chlúdaíonn gach cáin, a thugann le chéile na coincheapa a múineadh sa cheacht.

Sonraí

Aidhm:

Féachtar sa ghníomhaíocht seo le tuiscint a thabhairt do na daltaí ar an gcáin agus ar an gcánachas mar choincheapa.

Cuspóirí:

Is ábhar foghlama féinriartha ar líne an ceacht. Seo an leagan amach atá air:

	○ Saintréithe cánacha ○ Is ranníocaíochtaí coiteann iad cánacha, is é sin, íocann gach duine na cánacha céanna ○ An Leas Coiteann a Mhaoiniú ○ Cén difríocht idir cánacha agus íocaíochtaí eile? ○ Sainmhíniú bunúsach ar chánacha ○ Clabhsúr Is féidir le múinteoir an ceacht iomlán a mhúineadh, nó ranna de a roghnú, mar a oireann. Meastar gur leor 30 nóiméad ar an meán chun freastal ar an gceacht iomlán agus na gníomhaíochtaí teagascacha molta a ghabhann leis a dhéanamh. Ábhair: Micrighearrthóg “What is tax?” (Cad is cáin ann?) Clár bán idirghníomhach (nó díreach teilgeoir LCD) Foclóir: cáin, cánachas
Conas an ceacht seo a úsáid	Céimeanna na gníomhaíochta: Réamhrá Is féidir an ceacht a thosú le comhrá ar chánacha: - An bhfuil a fhios ag aon duine cad is cáin ann? - An dtuigeann tú cad atá i gceist le cáin? - An bhfuil an focal cloiste agat cheana, nó an rud nua ar fad é? Tabharfar buneolas ar an ngearrthóg sa phlé seo. Is gá do 2QT foghlaim faoi chánacha, ach níl tuairim acu cén fáth a bhfuil cánacha ann, céard iad féin, cad a dhéantar leo, cé a íocann siad. An saintréith is mó ag cánacha: Is ranníocaíocht choiteann iad, is é sin íocann gach duine na cánacha céanna Tar éis an ghearrthóg seo a sheinm, pléigh leis na daltaí ar smaoinigh siad riamh ar airgead a chur le chéile lena gcairde chun rud éigin a dhéanamh le chéile. - Cén toradh a bhí air? - Ar chabhraigh sé go raibh grúpa díobh ann? An saintréith is mó ag cánacha: maoiníonn siad an leas coiteann, is é sin, rudaí a chabhraíonn leis an bpobal ar fad Tar éis an roinn seo den ghearrthóg a sheinm, dírig ar "sheirbhís phoiblí" mar choincheap. Tabhair samplaí as na seirbhísí a luaitear sa ghearrthóg. Ceangail na seirbhísí poiblí leis an leas coiteann agus riachtanais ghinearálta.

	Fiafraigh de na daltaí cibé an úsáideann siad na seirbhísí seo agus an dtuigeann siad a thábhachtaí atá siad do shaol gach saoránaigh. Pléigh an tslí a mhaoinítear na seirbhísí seo. Cén difríocht idir cánacha agus íocaíochtaí eile? Is deis an-mhaith é seo chun díriú ar na ceisteanna a d'ardaigh 2QT leis an rang. Pléigh na coincheapa sa léaráid (ranníocaíocht éigeantach, a iarrann údaráis phoiblí amháin, a úsáidtear chun íoc as earraí agus seirbhísí poiblí) Sainmhíniú bunúsach ar chánacha Iarr ar na daltaí a sainmhíniú féin ar chánacha a thabhairt. Seinn an roinn seo den ghearrthóg. Déan comparáid idir an sainmhíniú sa ghearrthóg agus na sainmhínithe a thug na daltaí. Clabhsúr Is féidir plé rang a thosú bunaithe ar na coincheapa a chuirtear i láthair sa mhicrighearrthóg: - An féidir leat seirbhísí phoiblí a ainmniú? - An mbaineann tú tairbhe as seirbhísí poiblí? Cad iad na seirbhísí poiblí a mbaineann tú tairbhe astú? - Ar chóir dúinn go léir íoc as seirbhísí poiblí? Cén fáth? Cén fáth nár chóir? - Cad a chabhraíonn cánacha linn a dhéanamh? Is féidir leis na daltaí a dtuismitheoir a chur faoi agallamh gearr, bunaithe ar na ceisteanna a pléadh ag deireadh na gníomhaíochta, agus na hagallaimh a chur i láthair sa rang.
Catagóir	Micreafhoghlaim
An príomh-spriocghrúpa	9-12 bhliain d'aois
Topaicí gaolmhara scoile	Eacnamaíocht, Eitic, Uaireanta Eorpacha, Matamaitic, Béarla mar an Dara Teanga, Eolaíochtaí an Duine